


Scéim Gaeilge

Údaráis Áitiúla Loch Garman 2010-2013



Ábhar:

Teachtaireacht ón gCathaoirleach:

Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae:

Caibidil 1:

- Réamhrá & Cúlra
- Treoirlínte maidir le hullmhú na Scéime
- Taighde a Rinneadh
- Dáta Tosach Feidhme na Scéime
- Forbhreathnú ar Údaráis Áitiúla Loch Garman

Caibidil 2:

- Achoimre ar Sheirbhísí / Gníomhaíochtaí a sholáthraíonn Ranna na nÚdarás Áitiúil agus an leibhéal oilteachta Gaeilge

Caibidil 3:

- Moltaí na Scéime chun Feabhas a chur ar Sholáthar Seirbhíse trí mheán na Gaeilge

Caibidil 4:

- Monatóireacht, Leasú & Poiblíocht maidir leis an Scéim atá Comhaontaithe

Aguisín 1:

- Achoimre ar na hAighneachtaí a fuarthas

Teachtaireacht ón gCathaoirleach:

Is údar mórtais dom Scéim Gaeilge Údaráis Áitiúla Loch Garman a chur i láthair ina léirítear forbairt na Gaeilge sa todhchaí agus soláthar seirbhísí trí Ghaeilge in Údaráis Áitiúla Loch Garman. Is bealach é an Scéim Gaeilge chun Gaeilge a fhorbairt sa Chontae agus tacú tuilleadh léi.

Cheadaigh Eamon Ó Cuív, an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an Scéim Gaeilge i mí na Samhna 2009 agus cuirfear tús leis an Scéim an 11 Eanáir 2010. Tá Údaráis Áitiúla Loch Garman tiomanta go hiomlán a chinntiú go mbainfear amach na gníomhartha atá léirithe sa Scéim laistigh de shaolré na Scéime.

**An Comhairleoir Anna Fenlon,
Cathaoirleach.**

Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae:

D'fhorbair Údaráis Áitiúla Loch Garman, faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, an Scéim Teanga seo a thacóidh leis an nGaeilge inár gContae. Faoin scéim seo, tá iliomad gealltanais tugtha againn agus táim ag súil go mór oibriú le chéile sna trí bliana atá amach romhainn chun na gealltanais sin a chomhlíonadh agus an Ghaeilge a fhorbairt agus tacú tuilleadh léi laistigh d'Údaráis Áitiúla Loch Garman.

**Eddie Breen,
An Bainisteoir Contae.**

CAIBIDIL 1

Réamhrá agus Cúlra:

Ullmhaíodh Scéim Gaeilge Údaráis Áitiúla Loch Garman faoi *Alt 11* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht").

Forálann *Alt 11* nach mór do chomhlachtaí poiblí scéim reachtúil a ullmhú ina mionsonraítear na seirbhísí a sholáthróidh siad

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.

agus na bearta a ghlacfar chun a chinntiú go soláthrófar aon tseirbhís nach soláthróidh an comhlacht trí mheán na Gaeilge laistigh de thréimhse ama a bheidh comhaontaithe.

Treoirínte maidir le hullmhú na Scéime:

Ullmhaíodh an Scéim le haird ar na Treoirínte faoi *Alt 12* den Acht arna eisiúint ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

D'fhoilsigh Údaráis Áitiúla Loch Garman fógra faoi *Alt 13* an 8ú Deireadh Fómhair, 2008, sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta sa tóir ar uiríolla i ndáil le hullmhú dréacht scéim faoi *Alt 11* ó aon pháirtithe leasmhara. Tá gach aighneacht a fuarthas ar fáil ar www.wexford.ie

Aithníonn Údaráis Áitiúla Loch Garman go bhfuil an ceart ag ár gcustaiméirí agus ag an bpobal a roghnú a ngnó a dhéanamh linn i cibé teanga is mian leo agus éascófar leo agus iad ag déileáil linn, cibé acu trí Ghaeilge nó trí Bhéarla. Is é príomhchuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chinntiú go mbeidh seirbhísí poiblí trí Ghaeilge níos fearr agus ar chaighdeán níos fearr ar fáil.

Áirítear sa Scéim, forbhreathnú gearr ar na seirbhísí a sholáthraíonn Údaráis Áitiúla Loch Garman agus an leibhéal seirbhísí atá ar fáil cheana féin trí Ghaeilge, trí Bhéarla agus san dá theanga araon.

Tá seirbhísí áirithe a bhfuil gach custaiméir i dteideal de réir na bhforálacha atá infheidhme go díreach ón Acht i.e. freagra i nGaeilge ar chomhfhreagras i nGaeilge; foilseacháin atá ar fáil i nGaeilge i.e. Tuarascáil Bhliantúil.

Taighde a Rinneadh:

Agus an Scéim seo á hullmhú, chuaigh Údaráis Áitiúla Loch Garman i mbun an phróisis chomhchomhairle seo a leanas:

- Lorgaíodh aighneachtaí ón bpobal ar ullmhú na scéime. Fuair Údaráis Áitiúla Loch Garman dhá aighneacht ón bpobal i rith na tréimhse comhchomhairle (is féidir féachaint ar na haighneachtaí ar www.wexford.ie)
- Rinneadh Iniúchadh Inmheánach ar sheirbhísí a sholáthraítear trí Ghaeilge i ngach Roinn.

- Rinneadh suirbhé inmheánach ar Fhoireann Údaráis Áitiúla Loch Garman maidir lena n-inniúlacht i nGaeilge agus an fonn a bhí orthu forbairt a dhéanamh ar an teanga chun seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge.

Dáta Tosach Feidhme na Scéime:

Dheimhnigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an scéim seo. Cuirfear tús leis an scéim le héifeacht ón **11 Eanáir 2010**, agus beidh feidhm léi ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go ndeimhneoidh an tAire scéim nua faoi bhun *Alt 15* den Acht, cibé acu is luaithe.

Forbhreathnú ar Údaráis Áitiúla Loch Garman:

Tá Údaráis Áitiúla Loch Garman comhdhéanta de Chomhairle Chontae Loch Garman, an príomhaonad údaráis áitiúil i gContae Loch Garman atá freagrach as riaradh an Chontae, móide trí Chomhairle Baile agus aon Chomhairle Buirge amháin – Comhairle Baile Ros Mhic Thriúin; Comhairle Baile Inis Córthaidh; Comhairle Baile Ghuaire agus Comhairle Buirge Loch Garman. Tagann gach Comhairle Baile agus Buirge, laistigh de réimse an Chontae, faoi dhlínse an Bhainisteora Contae.

Plean Corparáideach

Is é an Plean Corparáideach an creat oibre foriomlán don eagraíocht ina leagtar amach spriocanna agus cuspóirí i ndáil lena feidhmeanna agus gníomhaíochtaí go léir. Cuideoidh an plean leis na hÚdaráis Áitiúla chun a gcuid gníomhaíochtaí, cuspóirí, tosaíochtaí agus acmhainní a athbhreithniú.

Tá Údaráis Áitiúla Loch Garman rannpháirteach i raon éagsúil gníomhaíochtaí agus bíonn tionchair acu ar shaol gach duine a bhíonn ina gcónaí, ar cuairt nó i mbun gnó i gContae Loch Garman. Tá sé riachtanach mar sin, príomhchuspóirí na heagraíochta a aithint chun díriú ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo. Seo a leanas príomhluachanna na n-Údarás Áitiúil:

- Go seasfar le rannpháirtíocht daonlathach ár gcomhaltaí tofa agus ár saoránaigh agus go mbeidh meas ar a rólanna.
- Gealltanais lena chinntiú go mbeidh na prionsabail d'fhorbairt inbhuanaithe, meas ar an gcomhshaol reatha agus cosaint a thabhairt don chomhshaol chun inmharthanacht a chinntiú do na glúnta atá amach romhainn, ionchorpraithe inár bpolasaithe agus pleananna.
- A chinntiú go soláthrófar seirbhísí d'ardchaighdeán, bunaithe ar an bprionsabal de sheachadadh dírithe ar an gcustaiméir.
- A aithint gurb iad ár n-acmhainní daonna an sócmhainn is luachmhara atá againn agus is cuspóir príomha é a gcuid oiliúna, forbartha agus sábháilteacht ag an obair a chinntiú.

Ráiteas Misin:

Is é misean Údaráis Áitiúla Loch Garman feabhas a chur ar cháilíocht saoil mhuintir Loch Garman trí ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna saoránaigh agus seirbhísí a sholáthar chun freastal ar a gcuid riachtanas.

An áit fhisiciúil:

Tá Contae Loch Garman suite in Oirdheisceart na hÉireann. Tá ceithre phríomhbhaile sa Chontae, Loch Garman, Inis Córthaidh, Guaire agus Ros Mhic Thriúin le daonra de 31,749 (figiúirí daonra ón bPríomhoifig Staidrimh 2006). Tá meascán uathúil de shléibhte, gleannta, aibhneacha, flora, fauna ann mar aon le tránna den scoth atá suite ar an gcósta atá 200km ar fhad.

Léargas ar na Seirbhísí a sholáthraíonn Údaráis Áitiúla Loch Garman:

Tá feidhmeanna agus seirbhísí Údaráis Áitiúla Loch Garman rangaithe in ocht ngrúpaí clár, mar seo a leanas:

- Tithíocht agus Foirgníocht
- Iompar agus Sábháilteacht ar an mBóthar
- Soláthar Uisce agus Séarachas (Seirbhísí Uisce)
- Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha
- Cosaint don Chomhshaol
- Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht
- Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas
- Seirbhísí Ilghnéitheacha

Na Príomhphointí teagmhála do chustaiméirí:

Seo a leanas na príomhphointí seirbhíse do na hÚdaráis Áitiúla:

- Halla an Chontae, Loch Garman;
- Comhairle Buirge Loch Garman, An Ché, Loch Garman;
- Comhairle Baile Ros Mhic Thriúin, Halla an Bhaile, Ros Mhic Thriúin;
- Comhairle Baile Inis Córthaidh, Cearnóg an Mhargaidh, Inis Córthaidh;
- Comhairle Baile Ghuaire & Oifig Ceantair Ghuaire, An Ascaill, Guaire;
- Oifig Ceantair Inis Córthaidh, Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath, Inis Córthaidh.

Tá líonra Leabharlanna suite ar fud an Chontae freisin, agus bíonn teagmháil leathan le custaiméirí iontu go léir. Bíonn teagmháil ag foireann na n-áras de chuid na n-Údarás Áitiúil lenár gcustaiméirí ina dtithe cónaithe agus sa phobal araon.

Bíonn na hÚdaráis Áitiúla ag idirghníomhú le raon leathan Ranna Rialtais freisin, le Comhaltaí Oireachtais, Gníomhaireachtaí Stáit, na Comhpháirtithe Sóisialta, Eagraíochtaí Forbartha Áitiúla, Grúpaí Pobail agus le Gnólachtaí Príobháideacha Áitiúla.

Tá níos mó agus níos mó úsáide á bhaint as an Idirlíon sna hÚdaráis Áitiúla agus iad ag déileáil le custaiméirí. Is meán an-tábhachtach é sin ó thaobh cur chun cinn na Gaeilge in Údaráis Áitiúla Loch Garman sa todhchaí.

CAIBIDIL 2

Achoimre ar Sheirbhísí / Gníomhaíochtaí a sholáthraíonn Ranna na nÚdarás Áitiúil agus an leibhéal oilteachta Gaeilge

Sa chaibidil seo, leagtar amach an seasamh i ndáil le soláthar seirbhíse/gníomhaíochtaí i ranna éagsúla laistigh d'Údarás Áitiúla Loch Garman agus an leibhéal oilteachta Gaeilge i ngach aon cheann acu.

Faoi láthair, níl aon roinn in Údarás Áitiúla Loch Garman ábalta a gcuid seirbhísí a sheachadadh go hiomlán trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla. Tá Oifigeach Gaeilge ainmnithe in Údarás Áitiúla Loch Garman.

An Comhshaol:

Is iad príomhchuspóirí na Roinne Comhshaoil an comhshaol i gContae Loch Garman a chosaint agus a fheabhsú; bailiú, athshlánú, athchúrsáil, gluaiseacht agus diúscairt dramhaíola a rialú sa chontae agus inbhuanaitheacht a ionchorprú i gcórais bhainistiú dramhaíola agus monatóireacht, rialú agus laghdú a dhéanamh ar thruailliú a chuireann isteach ar dhrochshlí ar an gcomhshaol nádúrtha.

Is féidir na seirbhísí/rólanna a ghrúpáil go ginearálta faoi na teidil a leanas:

- Bainistiú Dramhaíola
- Bainistiú Bruscair
- Oideachas Comhshaoil agus Rannpháirtíocht an Phobail
- Bainistiú ar an gCrios Cósta
- Bainistiú ar Cháilíocht Uisce
- Bainistiú ar Cháilíocht Aeir
- Seirbhís Maor Madraí/ Seirbhís Póna
- Forfheidhmiú Comhshaoil

Tá na cáipéisí/comharthaí a leanas ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon sa Roinn Comhshaoil:

- Comhphlean Bhainistiú Dramhaíola do Réigiún an Oirdheiscirt
- Fíneálacha Bruscair
- Roinnt de na Comharthaí Sábháilteachta Uisce
- Fodhlíthe Fíneálacha Trá

Seirbhísí Uisce:

Tá an roinn Seirbhísí Uisce freagrach as na seirbhísí a leanas a sholáthar agus a chothabháil:

- Soláthar Uisce
- Seirbhísí Séarachais
- Caothúlachtaí Poiblí
- Reiligí
- Draenáil Talún
- Oibreacha i gcomhar leis an Earnáil Grúpscéim chun uisce le hól d'ardchaighdeán a sholáthar don Earnáil sin.

Níl aon seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil faoi láthair sa Rannóg Seirbhísí Uisce.

Seirbhísí Éigeandála:

Cosaint Sibhialta

Is é cuspóir Cosaint Sibhialta ná héascú, trína hÚdaráis Áitiúla, le hiarratais ar fhaoiseamh éigeandála agus tacaíocht lena chinntiú go n-oibrítear seirbhísí riachtanacha agus go gcoimeádtar saol poiblí. Is oibríthe deonacha a bhíonn i mbun na seirbhíse sin agus déanann siad freastal ar an bpobal áitiúil ar an tslí sin.

An tSeirbhís Dóiteáin:

Is é ráiteas misin na Seirbhísí Dóiteáin “*seirbhís dóiteáin oibríochta éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar agus a chothabháil, feasacht ar shábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn agus caighdeáin sábháilteachta dóiteáin i bhfoirgnimh a fheabhsú*”.

Tá na cúig briogáid dóiteáin atá á gcoimeád lonnaithe sna bailte, Loch Garman, Guaire, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Bun Clóidí. Tá gach briogáid faoi ordú Oifigeach Stáisiúin agus tuairiscíonn Oifigeach Fo-Stáisiúin agus na múchtóirí dóiteáin chuige/chuici. Tá na Seirbhísí Dóiteáin freagrach as Sábháilteacht Dóiteáin, Substaintí Dainséaracha, Rialú Foirgnimh – Cuid B, Sábháilteacht Dóiteáin, Sábháilteacht Dóiteáin Pobail.

Níl aon seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil faoi láthair sa Rannóg Seirbhísí Éigeandála.

Pleanáil agus Forbairt:

Is é an cuspóir foriomlán ná forálacha na nAchtanna Pleanála a fheidhmiú agus bearta tacaíochta cuí a sholáthar chun leas fisiciúil, sóisialta agus eacnamúil an Chontae a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail.

Seo a leanas roinnt d’fheidhmeanna na Rannóige Pleanála agus Forbartha:

- Rialú Pleanála
- Fiosrúcháin Réamhpleanála
- Achomhairc Pleanála
- Cúiteamh
- Forbairtí na nÚdarás Áitiúil
- Pleananna Forbartha
- Pleananna Ceantair Áitiúla
- Clár Pleanála
- Rialú Foirgneamh
- Cearta Slí Poiblí

Níl aon ghá leis sin sa scéim.

Tithíocht:

Is é aidhm foriomlán na Roinne Tithíochta ná cur ar chumas gach líon tí teach cónaithe inacmhainne agus ar chaighdeán maith a bheith ar fáil dóibh, a bhíonn oiriúnach dá gcuid riachtanas, suite i gcomhshaol maith agus an méid agus is féidir sin ag tionacht dá rogha féin. Is é an straitéis ghinearálta a chinnteoidh go mbainfear amach an aidhm polasaí foriomlán sin ná go soláthróidh gach duine a bheidh in acmhainn sin a dhéanamh tithíocht dóibh féin agus go bhféadfaidh daoine nach mbeidh ar a gcumas sin a dhéanamh óna gcuid acmhainní féin rochtain a dhéanamh ar thithíocht shóisialta nó ar thacaíocht ioncaim agus ar chinnteacht tionachta i gcóiríocht cíosa príobháideach.

Seo a leanas príomhfheidhmeanna na Roinne Tithíochta:

- Tithíocht an údaráis áitiúil agus cóiríocht don lucht siúil a sholáthar, a chothabháil agus a bhainistiú.
- Tacaíocht do sholáthar tionscadail tithíochta sóisialta ó chomhlachtaí tithíochta deonacha faoi na Scéimeanna Cúnaimh Chaipitil agus Fóirdheontais Cíos.
- Éascú le húinéireacht tithe cónaithe trí scéimeanna éagsúla – tionóntaí ag ceannach, liúntas morgáiste, úinéireacht i gcomhar, láithreáin tithíochta ar chostas íseal agus iasachtaí chun tithe a cheannach.
- Oibreacha feabhsúcháin do thithe faoi úinéireacht phríobháideach in ionad tithíocht údaráis áitiúil, iasachtaí chun feabhas a chur ar thithe, deontais do dhaoine faoi mhíchumas agus deontais deisiúchán riachtanach.
- Forfheidhmiú ar Rialacháin maidir le leabhar cíos agus caighdeáin chóiríochta maidir le cóiríocht cíosa phríobháideach.
- An Scéim Cóiríochta ar Cíos a fheidhmiú.

Comhlíonann an Chomhairle “*Measúnú ar Riachtanais Tithíochta*” gach trí bliana chun riachtanais tithíochta a bhunú ina gceantar. Braitheann an líon tithe a thógtar nó a fhaightear in aon bhliain ar leith ar leithroinnt tosaigh tithíochta na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

Níl aon seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil faoi láthair sa Roinn Tithíochta.

Pobal agus Fiontar:

Is é príomhchuspóir an Aonaid Pobail agus Fiontair cuidiú leis an earnáil pobail agus deonach a bheith rannpháirteach sna struchtúir Rialtais Áitiúil nua agus freisin chun seirbhísí na Comhairle a chur chun cinn sa phobal. Tríd an mBord Forbartha Contae agus an Straitéis d’Fhorbairt Eacnamúil, Sóisialta agus Cultúir 2002-2012, tá sé mar aidhm ag an aonad gníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí poiblí go léir a chomhordú chun dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiámh sóisialta.

Tá an tAonad Pobail agus Fiontair freagrach as roinnt réimsí:

- Bord Forbartha Contae agus an Straitéis d’Fhorbairt Eacnamúil, Sóisialta agus Cultúir 2002-2010
- Grúpa Oibre Bearta Uilechuimsitheachta Sóisialta
- Fóram Pobail Chontae Loch Garman
- Tacaíocht fheidhmeach a sholáthar don SPC Eacnamúil & Forbartha Sóisialta
- RAPID – Ros Mhic Thriúin & Loch Garman
- Clár Oibre Áitiúil 21
- Deontais – Deontais Taitneamhachta agus Ealaíon / Deontais Pobail / Scéim Chaipitil Saoráidí Sóisialta & Pobail / Scéim Foirgnimh Pobail Inbhuanaithe
- Taighde
- Saoráidí Caitheamh Aimsire a Sholáthar – Scéim Clósanna Súgartha an Chontae
- Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil

Tá formhór na gcomharthaí inár gclósanna súgartha dhátheangach.

Na hEalaíona:

Is é ról an Oifig Ealaíona deis chomhionann a sholáthar don phobal chun rochtain a bheith acu ar na healaíona agus a bheith rannpháirteach iontu. Oibríonn an fhoireann ar bhonn leanúnach le daoine aonair, le grúpaí agus le heagraíochtaí laistigh de na pobail ealaíona, gnó agus oideachais ag eagrú tionscadail éagsúla. Soláthraíonn siad tacaíocht ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear comhordú, riarachán, comhairle agus comhchomhairle, urraíocht, bunachar sonraí faisnéise, scaipeadh faisnéise, láithreán gréasáin, poiblíocht agus priontáil, iasachtaí trealaimh agus ábhar.

Léiríonn clár na nEalaíon éagsúlacht na ngníomhaíochtaí ealaíona agus cultúir i gContae Loch Garman. Tá an clár roinnte i ceithre phríomhshruth – Oideachas Ealaíon, Ealaín Pobail, Ealaín Phoiblí agus Seirbhísí Tacaíochta. Forbraítear na seirbhísí a leanas laistigh den Roinn Ealaíon:

- Oideachas Ealaíon
- Ealaíona Pobail
- Ealaíona don Óige
- Ealaíon & Míchumas
- Ealaín Phoiblí
- Seirbhísí Tacaíochta
- 1% don Scéim Ealaíne

Tá an Plean Ealaíona agus an Polasaí Ealaíne Poiblí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

Seirbhísí Leabharlanna & Cartlann:

Is seirbhís faisnéise an leabharlann poiblí. Bailítear, eagraítear agus cuirtear faisnéis ar fáil ann. Cuidítear le daoine freisin an fhaisnéis cheart a aimsiú agus an fhaisnéis sin a úsáid go héifeachtach. Is é aidhm na Seirbhíse Leabharlainne Contae freastal ar riachtanais faisnéise oibre, staidéir agus áineasa gach duine sa Chontae. Tugtar tacaíocht do litearthacht agus spreagtar grá don léamh agus taighde. Is ionad pobail é an leabharlann áitiúil, áit a bhfaigheann daoine amach cad a bhíonn ar siúl go háitiúil, téann daoine chuig cainteanna agus ceardlanna, buaileann siad le comharsana, baintear taitneamh as taispeántais, faightear leabhair agus ceol ar iasacht, déantar imscrúdú agus léitear nuachtáin agus bítear ag staidéar.

Faigheann Leabharlanna Poiblí Loch Garman ábhair ar iasacht agus tugtar leabhair ar iasacht do leabharlanna ar fud an domhain. Mar aon le daoine aonair ag tabhairt cuairte ar leabharlanna, oibríonn eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta le chéile le foireann na leabharlanna ag eagrú taispeántas, ceardlanna agus cainteanna ar raon leathan ábhair shuimiúla don phobal áitiúil.

Tá leabharlanna i mBaile Loch Garman, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh agus Bun Clóidí

An Leabharlann Foirne:

Is é cuspóir Leabharlann Foirne agus Seirbhís Faisnéise Údaráis Áitiúla Loch Garman leabharlann agus seirbhís faisnéise uilechuimsitheach a sholáthar don fhoireann go léir in Údaráis Áitiúla Loch Garman, rochtain chomhionann a sholáthar

ar fhaisnéis agus eolas ag foinse amháin. Tá bailiúchán leabhar, irisleabhair, tuarascálacha agus táirgí ilmheáin ar ábhair a bhaineann le leas ginearálta na foirne go léir sa Leabharlann Foirne. Seo a leanas aidhmeanna an Leabharlann Foirne:

- Foinse aonair faisnéise agus eolais ar shaincheisteanna a bhaineann leis an obair a sholáthar
- Tacú leis an bhfoireann a bhíonn rannpháirteach i mbreisoideachas agus i bhfoghlaim
- Éascú le hardú céime gairme agus le forbairt phearsanta
- Roinnt acmhainní trína heagraíochta a spreagadh.

Bóithre

Is é cuspóir foriomlán an Roinn Bóithre líonra bóithre poiblí dóthanach a fhorbairt chun freastal ar an líon ard tráchta atá ag dul i méid i gcónaí agus an infrastructúr riachtanach chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta a sholáthar le haird chuí ar shábháilteacht do gach úsáideoir bóithre.

Seo a leanas roinnt d'fheidhmeanna an Roinn Bóithre:

- Bóithre nua a thógáil
- Bóithre atá ann cheana féin a chothabháil agus a fheabhsú
- Soilse Poiblí a Sholáthar
- Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla
- Ceadúnas Oscailte Bóithre
- Muirir a ghlacadh
- Ceadanna Ualaí Neamhghnácha
- Bóithre a Dhúnadh go Sealadach
- Crainn & Fálta
- Teorainneacha Luais
- Sábháilteacht Bóithre
- Bainistiú Tráchta
- Muirir a ghlacadh ó Fhorbairtí Tithíochta Príobháideacha

Níl aon seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil faoi láthair sa Roinn Bóithre.

Pearsanra

Is é príomhchuspóir na Rannóige Pearsanra ná Bainistiú Acmhainní Daonna. Áirítear leis earcú, pleanáil daonchumhachta, oiliúint agus forbairt foirne, aoisliúntas, caidrimh tionsclaíocht agus téarmaí agus coinníollacha fostaithe.

Tá an rogha ag iarrthóirí ar gach post buan tástáil Gaeilge a dhéanamh.

Cuspóirí Ginearálta

Soláthraíonn an Rannóg Riarachán Ginearálta seirbhísí ilghnéitheacha don phobal agus do gach rannóg eile sa Chomhairle araon. Táthar freagrach as Deontais Ardoideachais a phróiseáil, speansais baill agus foirne a íoc, troscán oifige, trealamh agus stáiseanáireacht a cheannach agus a íoc, fógraí a chur i nuachtáin agus gach cóiríocht oifige a bhainistiú.

Tá an fhoirm iarratais don Deontas Ardoideachais ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ach sin a iarraidh.

Comhpháirtíocht san Áit Oibre:

Is é cuspóir na Comhpháirtíochta *“Comhúinéireacht a bhaint amach idir an bhainistíocht, ceardchumann agus an fhoireann agus cur chuige na sáraíochta maidir le hathrú a athsholáthar le próiseas comhoibritheach bunaithe ar chomhchomhairle éifeachtach agus rannpháirtíocht ó chách lena mbaineann do chur chun cinn agus feidhmiú spriocanna straitéiseacha, cuspóirí seachadta seirbhíse agus clár gníomh gaolmhar”*.

Seo a leanas a chiallaíonn comhpháirtíocht i ngach Údarás Áitiúil mar sin:

- An Bhainistíocht, ceardchumann agus fostaithe ag comhaontú cuspóirí comónta chun go mbeidh an eagraíocht níos fearr do chách – an pobal, an fhoireann agus an bhainistíocht.
- Struchtúir nua a chur ar bun chun go dtarlóidh sé sin
- Acmhainní a thabhairt chun cuidiú leis seo tarlú.

Níl aon seirbhísí i nGaeilge ar fáil faoi láthair sa Rannóg Comhpháirtíochta san Áit Oibre.

Saoráil Faisnéise:

Tá an tAcht um Shaoráil Faisnéise (FOI), 1997 leagtha amach chun ligean don phobal rochtain a dhéanamh ar fhaisnéis atá ag comhlachtaí poiblí nach mbíonn ar fáil de ghnáth trí bhealaí eile. Tá na cearta a leanas ag gach duine:

- rochtain ar thaifid a bhíonn i seilbh na Comhairle
- ceartú ar fhaisnéis phearsanta a bhaineann leis an duine féin a bhíonn i seilbh na Comhairle nuair a bhíonn sin neamhchruinn, neamhiomlán nó míthreorach.
- rochtain ar chúiseanna le cinntí a dhéanann an Chomhairle a chuireann isteach go díreach ar an duine féin
- bíonn rochtain ar fhaisnéis faoin Acht faoi réir ag díolúine ar leith agus bíonn nósanna imeachta agus teorainneacha ama sonracha i gceist.

Tá an Oifig um Shaoráil Faisnéise freagrach as Plean Corparáideach agus Tuarascáil Bhliantúil Údaráis Áitiúla Loch Garman a fhoilsiú. Tá an dá fhoilseachán sin ar fáil ar an láithreán gréasán i nGaeilge agus i mBéarla agus i bhfoirm cóip chrua ach sin a iarraidh.

Seirbhísí Tréidliachta:

Tá an Roinn Tréidliachta freagrach as na nithe a leanas:

- Rialuithe oifigiúla a chomhlíonadh i seamlais áitiúla agus in áitribh beaga déantúsaíochta feola i gContae Loch Garman.
- Cigireacht ar shealúchais táirgeoirí bainne
- Maoirseacht ar chóireáil ainmhithe a mbíonn galair infhógartha orthu

Níl aon seirbhísí trí Ghaeilge faoi láthair ar fáil sa Rannóg Seirbhísí Tréidliachta.

Airgeadas

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as maoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach de chuid oibríochtaí na Comhairle, ioncaim agus caipitil araon. Áirítear leis monatóireacht agus rialú ar ioncam agus ar chaiteachas i ngach réimse.

Seo a leanas na seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn Airgeadais:

- (1) **Cuntasaíocht Airgeadais:**
 - Bainistiú agus rialú ar íocaíochtaí agus fáiltais
 - Párolla
 - Cuntais rialaithe
 - Forbairt agus rialú córais
 - Ráitis Airgeadais Bhliantúla
- (2) **Cuntasaíocht Bhainistíochta**
 - Buiséad Bliantúil

- Costais
- Bainistiú Cistíochta
- Monatóireacht ar fheidhmíocht airgeadais in aghaidh an Bhuiséid
- Soláthar comhairle airgeadais
- Soláthar faisnéis bhainistiú airgeadais d'ardchaighdeán chuig Sealbhóirí Buiséid

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as Iniúchadh Inmheánach, Bainistiú Riosca, Rátaí, Rialú Creidmheasa, Fáil, Lánpháirtíú Córais Airgeadais, Cruthú agus Bailiú Ioncaim, Mótarcháin, Íocaíocht Pras ar Chuntas.

Tá Foirm Athnuachana Mótarchánach ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla san Oifig Mótarchánach agus ag na Stáisiúin Gardaí áitiúla.

Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide:

Soláthraíonn Teicneolaíocht Faisnéise (IT) seirbhísí tacaíochta do gach rannóg eile sna hÚdaráis Áitiúla. Cuireann infhaighteacht faisnéis chruinn agus mhíchuí ar chumas na foirne seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar don phobal. Tacaíonn an Rannóg IT leis na coincheapa ríomhdaonlathas, ríomhrialtas, ríomhthráchtáil agus ríomhfháil agus úsáid ICT (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) chun tacú le seirbhís do chustaiméirí agus sin a fheabhsú. Seo a leanas feidhmeanna ICT:

- Suiteáil agus cothabháil cruá-earraí
- Córais
- Cothabháil agus tacaíocht do líonraí (Inlíon & Idirlíon)
- Córas Faisnéise Tíreolaíoch (GIS)
- Deasc Cúnaimh

Beidh ról ollmhór ag an Roinn ICT i gcur chun cinn agus ag éascú le soláthar faisnéise agus seirbhíse trí mheán na Gaeilge ar an láithreán gréasáin.

CAIBIDIL 3

Moltaí na Scéime chun Feabhas a chur ar Sholáthar Seirbhíse go dhátheangach

Modhanna Cumarsáide leis an bPobal:

Déantar go leor de mhodhanna cumarsáide Údaráis Áitiúla Loch Garman faoi láthair leis an bpobal i gcoitinne i dtéarmaí soláthar seirbhíse i mBéarla agus sin amháin.

Seo a leanas roinnt de na modhanna cumarsáide sin:

- Bróisiúir & Bileoga Eolais
- Foirmeacha Iarratais
- Foilseacháin
- Preas Ráitis
- Láithreán Gréasáin
- Comhairliúcháin Poiblí & Cruinnithe Pobail
- Cumarsáid duine ar dhuine ag Oifigí Poiblí
- Cuaireanna oideachais chuig Scoileanna

Is é príomhchuspóir Údaráis Áitiúla Loch Garman i ndáil leis an scéim seo atmaisféar dátheangachas a chruthú agus a chothú laistigh de na rannóga/ranna go léir. Spreagfar custaiméirí a labhraíonn Gaeilge a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge agus tá sé beartaithe go mbeidh custaiméirí agus an fhoireann araon compordach ag déanamh a gcuid gnó oifigiúil trí Ghaeilge.

Tá Údaráis Áitiúla Loch Garman tiomanta líon dóthanach foirne atá inniúil seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge i ngach rannóg a bhíonn ag déileáil go rialta leis an bpobal a chinntiú. Tá na gníomhartha a leanas molta chun a chinntiú go bhfeabhsófar leibhéal agus caighdeán ár seirbhísí i rith saolré na scéime seo.

Doiciméadacht i scríbhinn:

- Foilseofar an Tuarascáil Bhliantúil, An Ráiteas Airgeadais Bhliantúil, an Plean Corparáideach agus aon doiciméid eile atá clúdaithe faoi alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar ár láithreán gréasáin i nGaeilge agus i mBéarla araon agus cuirfear cóip chrua de na doiciméid sin ar fáil ach iad a iarraidh.
- Ó 2010, táirgfear preas ráitis i ndáil le saincheisteanna Gaeilge go dátheangach. Eiseoidh Údaráis Áitiúla Chontae Loch Garman ar a laghad dhá phreas ráiteas/ráiteas dátheangach eile i ndáil le nithe eile sa bhliain.
- Ó thús na scéime seo, cuirfear gach foirm iarratais nua agus bileoga eolais gaolmhara/cuideachta a tháirgeoídh Údaráis Áitiúla Loch Garman a dhéileálann leis an tSeirbhís Leabharlanna agus Forbartha Pobail ar fáil go dátheangach laistigh d'aon chlúdach amháin (ach amháin nuair nach mbíonn sin indéanta mar gheall ar mhéid nó nádúr an doiciméid).
- Faoi dheireadh na scéime, cuirfear ceithre fhoirm iarratais agus bileoga eolais gaolmhar/cuideachta reatha a bhíonn ag déileáil le Forbairt Pobail agus/nó an tSeirbhís Leabharlainne ar fáil go dátheangach laistigh d'aon chlúdach amháin (ach amháin nuair nach mbíonn sin indéanta mar gheall ar mhéid nó nádúr an doiciméid).

Seirbhís Fáiltithe/Teileafóin

Is iad fáilteoirí/oibreoirí lasc-chláir an chéad phointe teagmhála leis an bpobal. Beidh sé mar pholasáí ag Údarás Áitiúla Loch Garman a chinntiú go mbeidh cleachtas caighdeánach Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí (QCS) i bhfeidhm sa réimse sin faoin mbliain 2012:

- Tabharfaidh foireann fáilteoirí/lasc-chláir inniúil ainm an chomhlachta poiblí i nGaeilge.
- Beidh na beannachtaí bunúsacha ar eolas acu i nGaeilge.
- Beidh socruithe oiriúnacha in áit chun go mbeidh siad ábalta baill den phobal a chur i dteagmháil leis an oifig nó leis an oifigeach a bheidh freagrach as an tseirbhís a sholáthar trí Ghaeilge, nuair a bheidh sin ar fáil.

Seirbhísí Duine ar Dhuine

Cuirfidh an tSeirbhís Leabharlainne an Ghaeilge chun cinn mar seo a leanas:

- Cuirfear le húsáid na Gaeilge i measc an phobail
- Cinnteofar faoi dheireadh na scéime go mbeidh seirbhís cuntair Gaeilge ar fáil don phobal ag gach brainse leabharlainne (ar bhonn go mbeidh íosleibhéal inniúlachta ag gach duine den fhoireann leabharlainne nuair a thiocfaidh siad isteach sa tseirbhís)
- Feicfear úsáid na Gaeilge mar chleachtas nádúrtha gan aon bhrú ná fórsa
- Soláthrófar 3% den chiste leabhar in 2009 d’acmhainní Gaeilge
- Soláthrófar réimse Gaeilge sofheicthe tiomanta i ngach Leabharlann faoi 2010.
- Soláthrófar naisc le láithreáin ghréasáin úsáideacha faoi 2010.
- Díreofar ar roinnt imeachtaí dátheangacha gach bliain den scéim, lena n-áirítear údair Ghaeilge agus gníomhaíochtaí le hábhar cultúir mar cheol traidisiúnta, scrúdófar smaointe nua agus nuálacha freisin.
- Soláthrófar gnéithe dátheangacha i seoltaí agus in óráidí.

Teicneolaíocht Faisnéise:

- Feidhmeofar séanadh caighdeánach nó teachtaireacht ar chomhfhreagras ríomhphoist go dhátheangach.
- Bunófar seoladh ríomhphoist cineálach d’fhiosrúcháin “as Gaeilge”. Cinnteoidh na hÚdarás Áitiúla go dtabharfar aghaidh ar fhiosrúcháin mar sin go pras sa tslí chéanna le fiosrúcháin i mBéarla.
- Soláthrófar liosta ar líne den fhoireann a bheidh ar fáil chun ár seirbhísí a sholáthar go dhátheangach.
- Forbrófar láithreán gréasáin Chomhairle Chontae Loch Garman lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis ar an leathanach baile agus an tuairisc ar gach Roinn ar fáil go dhátheangach.
- Sa chás go bhforbróidh na hÚdarás Áitiúla aon láithreáin ghréasáin nua i rith na scéime, beidh ábhar dátheangach iontu. Déileálfar le láithreáin ghréasáin na gcomhairlí baile sa dara scéim de chuid na nÚdarás Áitiúil agus i scéimeanna ina dhiaidh sin.

- Soláthróidh an rannóg leabharlainne ag www.wexford.ie naisc chuig láithreáin ghréasáin úsáideacha roimh 2010.
- Tabharfar aon seirbhísí idirghníomhacha nua, a thabharfar isteach i rith saolré na Scéime a cheadóidh don phobal go ginearálta iarratais a dhéanamh nó sochair a fháil ar líne, isteach ag an am céanna i mBéarla agus i nGaeilge faoi réir ag seirbhísí mar sin a bheith ar fáil i leagan amach dátheangach.
- Déanfar seirbhísí idirghníomhacha reatha a uasghrádú chomh luath agus a cheadóidh acmhainní agus brúnna oibre sin, faoi réir ag seirbhísí mar sin a bheith ar fáil i leagan amach dátheangach.
- Beidh aon chórais ríomhaireachta nua a thabharfaidh Údaráis Áitiúla Loch Garman isteach i rith na scéime oiriúnach don Ghaeilge, faoi réir ag córais riachtanacha a bheith ar fáil ón mBord Seirbhísí Ríomhaireachta do Rialtais Áitiúil.
- Cinnteoidh Údaráis Áitiúla Loch Garman sa chás go mbeidh uasghrádaithe molta d'aon chóras ríomhaireachta reatha, go bhfreastalóidh na córais leasaithe ar an nGaeilge, ach arís faoi réir ag córais riachtanacha a bheith ar fáil ón mBord Seirbhísí Ríomhaireachta do Rialtais Áitiúil.

Oiliúint & Forbairt:

Is eol d'Údaráis Áitiúla Loch Garman an tábhacht atá le fórsa oibre ardoilte a bheith acu chun seachadadh seirbhísí éifeachtúil agus éifeachtach a chinntiú. Má tá feabhas leanúnach le coimeád, ní mór eolas, scileanna agus inniúlachtaí na foirne a fhorbairt an méid agus is féidir sin a dhéanamh. Áirítear leis sin infheistíocht ollmhór in oiliúint agus i bhforbairt.

- Údaráis Áitiúla Loch Garman chun ranganna Gaeilge, a bheidh dírithe ar riachtanais seirbhísí do chustaiméirí, a fháil do na baill foirne a bheidh tiomanta ár seirbhísí a sheachadadh go dátheangach, faoi réir ag maoiniú a bheith ar fáil.
- Spreagfar an fhoireann go léir agus tabharfar deis chomhionann dóibh feabhas a chur ar a gcuid scileanna Gaeilge trí chúrsaí Gaeilge agus forbartha agus éascófar leo freastal ar ranganna Gaeilge i rith uaire oibre.
- Cuirfear baill den fhoireann ar an eolas maidir le Scoláireachtaí Gaeltachta.

Comharthaíocht:

- Sholáthair Údaráis Áitiúla Loch Garman comharthaí bóithre/ainmneacha sráideanna i nGaeilge agus i mBéarla agus leanfaidh siad den nós sin.
- Soláthrófar comharthaí dátheangacha – ainmneacha ranna, etc. i ngach Foirgneamh Poiblí nua e.g. Halla Contae nua; Foirgnimh Leabharlainne; Comhairle Buirge nua Loch Garman

Sholáthair Údaráis Áitiúla Loch Garman comharthaí i gClósanna Súgartha i nGaeilge agus i mBéarla agus leanfaidh siad leis an nós sin. Cinnteoidh Údaráis Áitiúla Loch Garman go gcomhlíonfaidh siad ag gach tráth forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) Rialacháin 2009.

CAIBIDIL 4

Monatóireacht, Leasú & Poiblíocht maidir leis an Scéim atá Comhaontaithe:

Monatóireacht & Leasú:

Comhlíonfaidh Ceannairí na Rannóga i ngach aon Rannóg atá freagrach as feidhmiú na scéime ina réimsí féin an fheidhm monatóireachta ó lá go lá agus tuairisceofar ar bhonn rialta chuig an Stiúrthóir Seirbhíse /Bainisteoir Baile.

Foilseofar mionsonraí maidir le dul chun cinn ar fheidhmiú fhorálacha na scéime seo i dTuarascáil Bhliantúil Údaráis Áitiúla Loch Garman.

Poibliú ar an Scéim atá Comhaontaithe:

Déanfar ábhar na scéime seo a fhógairt don phobal i gcoitinne trína nithe a leanas:

- Preas Ráiteas
- Seoladh Oifigiúil na Scéime
- Ciorclú chuig gníomhaireachtaí, comhlachtaí poiblí agus daoine aonair cuí a léiríonn suim agus aon duine nó gníomhaireacht a bhfaighfear aighneacht uathu
- Láithreán Gréasáin

Cuirfear cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

Is é an leagan Béarla buntéacs na scéime seo.